National University of Ireland, Galway
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Foghlaim Seirbhíse sa Teiripe Shaothair

. Tá raon modúl foghlaim seirbhíse ar fáil in OÉ Gaillimh trínar féidir le mic léinn tabhairt faoi ghníomhaíocht chreidiúnaithe a bhaineann leis an ábhar staidéir atá roghnaithe acu, mar aon le gníomhaíocht a théann chun tairbhe an phobail

Comhthéacs Teagaisc

Ábhar	Teiripe Shaothair
Rionn	Roinn na Teiripe Shaothair
Rannpháirtithe	Mic Léinn 3ú Bliana Teiripe Shaothair
Oideolaíocht	Foghlaim seirbhíse / foghlaim pobalbhunaithe
Modh	Ceardlanna ullmhúcháin ar dtús agus ansin obair le heagraíochtaí áitiúla. I rith an tseimeastair, eagraítear ceardlanna rialta chun cleachtas machnamhach a éascú.
Rannpháirtithe	18 – 25 mac léinn
Uaireanta	Cuairteanna Pobail 12 uair Ceardlanna 14 uair Staidéar Neamhspleách 108 uair
Creidiúintí	6 ECTS
Bunábhair	Leabhar Saothair Measúnú Riachtanas
Measúnacht	Tuairisc 3,000 focal Léiriú póstaer
Fad	12 seachtaine
Comhpháirtithe Pobail	Athraítear comhpháirtithe go bliantúil & ina measc go dtí seo bhí: Cumann MS, Cumann Shíomóin na Gaillimhe, Foras Ospíse na Gaillimhe, RehabCare, Seirbhísí COPE, Cumann Alzheimer na hÉireann, AIDS West etc.
Roghnach/ Éigeantach	Éigeantach
Bliain Tosaithe an Mhodúil	2005/2006

Réamhrá

Is é atá mar aidhm le foghlaim seirbhíse misean obair phoiblí an ardoideachais a thabhairt chun beochta agus an tábhacht a bhaineann le freagracht shóisialta agus feasacht phoiblí a thabhairt ar aire do mhic léinn. Uirlis oideolaíoch atá ann a thugann spreagadh do mhic léinn foghlaim agus iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna tábhachtacha a bhaineann leis an tsochaí – laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. Foghlaimíonn mic léinn trí rannpháirtíocht ghníomhach sa phobal.

Foghlaim Seirbhíse sa Teiripe Shaothair
Cuireann foghlaim seirbhíse i dTeiripe Shaothair ar chumas mac léinn iniúchadh a dhéanamh ar conas a chomhoibríonn Teiripeoirí Saothair le heagraíochtaí pobail le cur lena sláinte agus lena folláine. Trí bheith ag obair leis na comhpháirtithe pobail bíonn deis ag mic léinn iniúchadh a dhéanamh ar phróifílí saothair grúpa pobail agus cur leis an ról a d'fhéadfadh a bheith ag teiripeoirí saothair chun a rannpháirtíocht sa tsochaí a mhéadú.

Bonn Acadúil
Modúl éigeantach é foghlaim seirbhíse a mbaineann 6 ECTS leis. Is sa dara seimeastar den tríú bliain a bhíonn an modúl seo á theagasc. Díríonn ceardlanna ullmhúcháin ar léargas a thabhairt do mhic léinn ar fhoghlaim seirbhíse agus creatlach a sholáthar chun measúnú riachtanas a dhéanamh.

Oibríonn na mic léinn i ngrúpaí beaga agus iad ag tabhairt cuairte ar a gcomhpháirtithe pobail. Trí mheascán de mheasúnacht timpeallachta agus breathnóireacht rannpháirtithe, tugann mic léinn cuntas tuairisciúil ar an eagraíocht pobail, cláir na heagraíochta agus na daoine ar a bhfreastalaíonn an eagraíocht. I gcomhpháirtíocht leis an eagraíocht pobail, dearann mic léinn ráiteas riachtanas le tacú le pleanáil don todhchaí/forbairt seirbhísí teiripe shaothair.

Measúnacht
Bunaithe ar an eolas a bhailíonn siad le linn a gcuairteanna, ullmhaíonn mic léinn miontuairisc ina ndéantar cur síos ar riachtanais teiripe shaothair na heagraíochta. Lena chois sin, ullmhaíonn mic léinn láithriú póstaer dá gcuid oibre a thaispeántar ag Comhdháil Bhliantúil na Mac Léinn Teiripe Shaothair agus Teiripe Urlabhra agus Theanga – comhdháil ar a fhreastalaíonn comhaltaí foirne ollscoile, ionadaithe ónár gcomhpháirtithe pobail agus cliniceoirí Teiripe Shaothair.

Tairbhe do Mhic Léinn

Tugann foghlaim seirbhíse deis do mhic léinn úsáid a bhaint as an méid atá foghlamtha acu le déileáil le riachtanais sa phobal áitiúil. Ina theannta sin, tugann an modúl seo deis do mhic léinn foghlaim faoi agus machnamh a dhéanamh ar na fachtóirí sóisialta, polaitiúla agus eacnamaíocha a mbíonn tionchar acu ar fheidhmíocht saothair. Bíonn deis ag mic léinn oibriú i gcomhar leis an gcomhpháirtí pobail chun ráiteas riachtanas a fhorbairt – ráiteas ar féidir é a úsáid chun seirbhísí teiripe shaothair a phleanáil agus a fhorbairt.

I measc an méid a bhí le rá ag mic léinn bhí,

"bain taitneamh as an deis cuairt a thabhairt agus foghlaim faoi ghrúpaí cliant – grúpaí nach mbeadh an deis agat de ghnáth staidéar a dhéanamh orthu";

"bhain mé taitneamh as iniúchadh a dhéanamh ar chás a bhain leis an saol dáiríre"; "fuair mé léargas iontach ar an tionchar a bhíonn ag Teiripe Shaothair – tionchar i bhfad níos mó ná mar a bhíonn súil ag daoine leis;"

"bhí an t-uafás ama i gceist le cois ualach mór oibre".

Tairbhe don Phobal

Tugann an modúl foghlaim seirbhíse seo deis do chomhpháirtithe áitiúla pobail iniúchadh a dhéanamh ar an ról poitéinseal atá ann do Theiripe Shaothair laistigh dá seirbhís féin. I láthair na huaire, tá teorainn le rochtain ar sheirbhísí teiripe shaothair do na heagraíochtaí seo de dheasca liostaí fada feithimh, easpa acmhainní etc. Bíonn deis ag mic léinn oibriú le heagraíochtaí pobail chun ráiteas riachtanas a dhearadh ar féidir leis an eagraíocht a úsáid chun seirbhísí teiripe shaothair a bheidh ann amach anseo a phleanáil agus a fhorbairt dá gcliaint.

Nuair a bhíonn an clár críochnaithe, tugtar cóip de thuairisc agus de phóstaeir an mhic léinn do na heagraíochtaí pobail. Ina theannta sin, tugtar cuireadh do chomhpháirithe pobail freastal ar Chomhdháil na Mac Léinn Teiripe Shaothair agus Teiripe Urlabhra agus Theanga.

Bhí an t-aiseolas ó na comhpháirtithe pobail thar a bheith dearfach agus tá tús curtha ag cuid de na heagraíochtaí pobail leis an bpróiseas a bhaineann le moltaí na mac léinn maidir le hionchur teiripe shaothair ina n-eagraíocht féin a chur i bhfeidhm.

"is cinnte gur bhain fiúntas leis an gcleachtadh agus bhí an méid oibre a rinne mic léinn thar a bheith go maith agus cabhrach";

"léargas ba ea na léiriúcháin [comhdháil na mac léinn] ar chomhoibriú ag feidhmiú";

"comhoibriú fiúntach agus comhoibriú ar fiú gan dabht ar bith leanúint leis amach anseo".

Dearcadh Acadúil

Tugann foghlaim seirbhíse deis do mhic léinn machnamh criticiúil a dhéanamh ar an gcomhthéacs níos leithne a bhaineann le sláinte shaothair agus folláine. Trí rannpháirtíocht leis an bpobal foghlaimíonn mic léinn faoin tionchar atá ag éagóir shaothair, díothacht saothair, éagothroime shaothair etc. agus déanann siad machnamh ar conas is féidir leo mar ghairmithe cúraim shláinte leanúint ag obair i gcomhpháirtíocht leis an bpobal chun na ceisteanna seo a chur ina gceart. Tugann aiseolas ó na comhpháirtithe pobail, cliniceoirí, comhlachtaí gairmiúla agus na mic léinn féin eolas dúinn faoin méid atá foghlamtha ag mic léinn mar aon leis an bhforbairt atá déanta ag mic léinn, agus soláthraíonn sé tacaíocht láidir leanúint leis an gcineál seo foghlaim pobalbhunaithe.